**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0195/2023**

23.3.2023

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le hurrraim don cheart bunúsach chun agóid a dhéanamh agus dianrialáil a dhéanamh ar úsáid dhlisteanach fhorfheidhmiú an dlí

**François Alfonsi, Eric Andrieu, Manon Aubry, Benoît Biteau, Damien Carême, Leïla Chaibi, David Cormand, Karima Delli, Raphaël Glucksmann, Claude Gruffat, Sylvie Guillaume. Yannick Jadot, Aurore Lalucq, Nora Mebarek, Marina Mesure, Younous Omarjee, Michèle Rivasi, Caroline Roose, Mounir Satouri, Marie Toussaint**

**B9-0195/2023**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hurraim don cheart bunúsach chun agóid a dhéanamh agus dianrialáil a dhéanamh ar úsáid dhlisteanach fhorfheidhmiú an dlí**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint d'Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit go ráthófaí an ceart chun agóid a dhéanamh;

B. ag féachaint d'úsáid dhíréireach fornirt i gcoinne na gluaiseachta sóisialta maidir le hathchóiriú pinsean sa Fhrainc agus i gcoinne na n-agóidí síochánta sa Ghréig;

C. de bhrí go mbaintear úsáid as cleachtais diansmachta atá contúirteach, forleathan agus ar cleachtais neamhdhleathacha go minic iad, amhail gabhálacha treallacha, gaistí, LBDanna (airm a scaoileann liathróidí loiscneacha) agus gránáidí scaipthe;

1. á chur in iúl, mar aon le Cosantóir Chearta an Duine agus Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe, gur cúis mhór bhuartha di foréigean na bpóilíní agus na gabhálacha treallacha ar agóideoirí agus ar iriseoirí a rinneadh;

2. ag cáineadh na n-ionsaithe tromchúiseacha agus iomadúla ar an gceart chun agóid a dhéanamh i roinnt stát Eorpach, lena n-áirítear an Fhrainc, agus a dtionchar ar an smacht reachta agus ar an daonlathas san Aontas;

3. á iarraidh go sollúnta ar na rialtais lena mbaineann, agus go háirithe ar an bhFrainc, an ceart chun agóidí a dhéanamh agus an smacht reachta a urramú; á chur i bhfáth go bhfuil foirceadal póilíneachta i bhformhór na mBallstát bunaithe ar fhoréigean a sheachaint agus ar dhíghéarú;

4. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.